

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

Bainisteoir Tionscadail FRS Caisleán Na Finne

An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

Ríomhphost: castlefinnfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: <https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/>

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

CAISLEÁN NA FINNE

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 7
Meitheamh 2022

<https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs>



CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Bailiú Eolais agus Samhaltú

Tá Grúpa Stiúrtha FRS Chaisleán na Finne (ar a bhfuil OPW, Comhairle Contae Dhún na nGall agus RPS) ag cinntiú ar fad go mbunaítear an anailís hidreolaíoch agus hiodrálach atá ag tacú le Scéim Faoisimh Tuilte ar an eolas is cruinne agus is úire. Tá gach eolas a bhaineann leis an tionscadal ar láithreán gréasáin an tionscadail go fóill (<https://countydonesgalfrs.ie/castlefinnfrs/>) chomh maith le sonraí teagmhála na foirne.

Críochnaíodh na suirbhéanna a bhí de dhíth le samhail ar ríomhaire a dhéanamh den Fhinn, dá fo-aibhneacha, de na cosaintí tuilte reatha, de thóchair agus de na tuilmhánna sa cheantar.

Tá samhail ar ríomhaire den Fhinn agus dá fo-aibhneacha déanta anois agus tá sí in úsáid le roghanna féideartha do FRS Chaisleán na Finne a léiriú. Scríobhadh dréacht de leagan deiridh Thuairisc Hiodrálach FRS Chaisleán na Finne i Mí na Bealtaine 2022. Foilseofar an tuairisc fhaofa ar láithreán gréasáin an tionscadail. Léiríonn an tuairisc theicniúil seo mar a tógadh agus mar a rinneadh calabrú ar an tsamhail ar ríomhaire; agus léiríonn sí méid na dtuilte tuartha i bhforbairt na Scéime.

Forbairt Roghanna Bainistiú Rioscaí Tuilte

Rinneadh measúnú leis an tsamhail ar ghearrliosta de bheartais rioscaí tuilte leis an chuid is éifeachtaí do cheantar na scéime a aimsiú. Áirítear leis an ghearrliosta na beartais sin atá i bPlean Bainistiú Riosca Tuilte an Iarthuaiscirt agus eile (www.floodinfo.ie). Go luath i Mí na Samhna 2021 bhí ceardlann theicniúil ann le forbairt roghanna eile a phlé agus bhí Grúpa Stiúrtha FRS Chaisleán na Finne i láthair.

I ndiaidh an gearrliostaithe, d'aontaigh RPS meascán beartas a bheidh mar chuid de na roghanna féideartha do scéim. Orthu sin tá:

- Cosaintí crua (claífoirt chré agus ballaí tuilte)
- Uasghrádú tóchar
- Stóráil tuilte
- Athlonnú áitreabh

Bhí comharcheardlann ann ar 29 Aibreáin 2022 le féachaint leis an rogha is fearr a fhorbairt. Bhí Grúpa Stiúrtha FRS Chaisleán na Finne i láthair chomh maith le páirtithe leasmhara eile as an earnáil phoiblí.

Rinneadh múnú costas ar na roghanna uilig taobh le costas feadh shaol an deartha. Tá RPS ag obair faoi láthair leis na costais a bheachtú bunaithe ar an eolas margaidh reatha is fearr.

Tá measúnú ar dhochar eacnamaíoch ar réadmhaoín chóir a bheith réidh do FRS Chaisleán na Finne. Léiríonn sé seo an dochar measta / an t-airgead a chaillfeadh de dheasca tuilte chomh maith leis an sochar féideartha a bhainfeadh leis an scéim a fhad is a mhairfidh sí.

Beidh an fiúntas agus an scór eacnamaíoch (Cóimheas Costais is Tairbhe) ag brath ar chóimheas an chostais ar fad a fhad is a mhaireann an scéim agus beidh tionchar aige sin ar roghnú an bheartais.

Tá Anailís Ilchritéir ar siúl le fiúntas gach rogha a mheas taobh le cúinsí teicniúla, comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta. Rachaidh an anailís seo i bhfeidhm ar an rogha is fearr a ghlacadh agus cinnteofar go measfar tairbhe eile seachas tairbhe eacnamaíoch amháin.

Measúnú Comhshaoil agus Bainistiú do Speicis Ionracha

I Mí na Nollag 2021, chríochnaigh RPS Staidéar ar Shrianta Timpeallachta. Tá an tuairisc seo ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail <https://countydonesgalfrs.ie/castlefinnfrs/index.php/news/>.

Tá suirbhéanna bonnlíne comhshaoil déanta agus in úsáid anois le scagadh comhshaoil a dhéanamh chomh maith leis na roghanna eile a mheas. Tá sainsuirbhéanna eile á scóipeáil faoi láthair le lánmheasúnú a dhéanamh ar an rogha is fearr nuair a aimseofar é.

Tá ceapadh conraitheoirí do na speicis ionracha i gCeantar na Scéime ar siúl faoi láthair mar chuid den Phlean Bainistithe do Speicis Ionracha. I Mí Mheithimh 2022 a thosóidh an obair sin.



Tuille i gCaisleán na Finne (Feabhra 2022)

BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR SCÉIME CAISLEÁN NA FINNE

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna	■					
	Anailís Hidreolaíochta	■	■				
	Anailís Hiodrálach		■	■			
	Anailís agus forbairt na Scéime		■	■	■		
Céim 2	Pleanáil			■	■		
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime				■	■	
Céim 4	Oibreacha tógála					■	■
Céim 5	An Scéim á hOibriú						■

Is iad na garmheastacháin is fearr iad na hamlínte a léirítear ach féadann siad athrú. Cuireadh cúig mhí go garbh leis an chlár mar thoradh ar na dúshláin theicniúla san anailís. Tá Foireann an Tionscadail ag obair go crua le teacht ar dhóigheanna le deiseanna a aimsiú le tascanna eile sa tionscadal a dhéanamh níos gasta leis an mhoill ar an chlár a mhaolú.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Suirbhéanna: Tá RPS ag plé faoi láthair le suirbhéanna breise le dearadh tosaigh scéime a mhúnú, fiosrú talaimh agus seirbhísí san áireamh.

Anailís Hidreolaíoch: Críochnaíodh na sruthanna deartha agus na leibhéil uisce sna samhlacha a úsáidtear le tuilte a shamhlú. Tá RPS ag obair leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an Tuairisc Hidreolaíoch a chríochnú.

Anailís Hiodrálach: Tá samhail bhonnlíne hiodrálach déanta agus tá RPS ag obair leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an Tuairisc Hiodrálach (bonnlíne) a chríochnú. Tá Samhaltú Hiodrálach á dhéanamh faoi láthair le tacú le hAnailísíú agus le Forbairt na Scéime.

Anailísíú agus Forbairt na Scéime: Socraíodh na roghanna indéanta agus tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a aithint. Beidh RPS ag tuairisciú ar Anailísíú agus ar Fhorbairt na Scéime agus ag cur síos ar na tascanna uilig. Orthu sin tá tuairisciú breise ar chur i bhfeidhm an bheartais cheaptha dhúlra-bhunaithe, intógthacht, oibriú agus cothabháil agus oiriúnú d'athrú aeráide. Tionólfar cruinniú eolais poiblí faoin rogha is fearr ag deireadh na bliana.

Measúnú Comhshaoil: Sa ráithe seo romhainn, beidh Scagadh don Mheasúnú Oiriúnach ann, Scagadh MTC agus forbairt ar Ráiteas Tionchair Natura ar siúl i rith ama.